



An Bhruiséil, 21 Eanáir 2019
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0101(COD)

5196/19
ADD 1

CODEC 56
COMER 5
WTO 6

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme na clásail choimirce agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair tharaife a bhaineann le comhaontuithe áirithe arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha áirithe (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh = Ráiteas

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOIMISIÚN

Tá Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún ag comhaontú ar an tábhacht a bhaineann le dlúthchomhar maidir le cur chun feidhme na gComhaontuithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... lena gcuirtear chun feidhme na clásail choimirce agus sásraí eile lenar féidir aistarraingt shealadach a dhéanamh ar na fabhair a bhaineann le comhaontuithe áirithe arna dtabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha áirithe. Chuige sin, i gcás ina nglacfaidh Parlaimint na hEorpa moladh chun imscrúdú coimirce a thionscnamh, aontaíonn siad go ndéanfaidh an Coimisiún scrúdú cúramach i dtaobh an bhfuil na coinníollacha faoin Rialachán maidir le tionscnamh *ex-officio* á gcomhlíonadh. Sa chás go measann an Coimisiún nach bhfuil na coinníollacha á gcomhlíonadh, déanfaidh sé tuarascáil a thíolacadh do choiste freagrach Parlaimint na hEorpa ina mbeidh míniú ar na tosca go léir atá ábhartha maidir le tionscnamh an imscrúdaithe sin.